

ATLANTIC EDGE

LIMERICK

EUROPEAN EMBRACE

PLEAN CORPARÁIDEACH AG BOGADH AR AGHAIDH LE CHÉILE 2025-2029

Rialtas Áitiúil i Luimneach a Neartú



Comhairle Cathrach
& Contae **Luimnigh**

Limerick City
& County Council



CLÁR NA nÁBHAR

Comhairleoirí 2025/2026	4
1. Brollach	5
2. Réamhrá	6
3. Athbhreithniú ar Éachtaí Barrthábhachtacha sa Phlean	
Corparáideach 2019-2024	8
4. Ár bhFís dár gComhairle	12
5. Ár Misean	13
6. Ár Luachanna	14
7. Ceangail Chorporáideacha	16
8. Próifíl Shocheacnamaíoch Luimnigh	18
9. Próifíl Ár gComhairle	22
10. Ag Tacú le hEagrúchán	28
11. Ár gCuspóirí Straitéiseacha	30
12. Monatóireacht agus Meastóireacht	32
13. Cuspóirí Feidhmíochta	34
Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochta	34
Athghiniúint, Pobal, Spórt agus Forbairt Tuaithe	35
An Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide agus Tine	36
Tithíocht	37
Eacnamaíoch, Turasóireacht, Cultúr, Réadmhaoín agus Foirgnimh	
Chorporáideacha	38
Iompar, Soghluaisteacht agus Ríocht Phoiblí	39
Pleanáil, Oidhreacht agus Corn Ryder	39
Infheistíocht Airgeadais agus Rialachas	40
14. Táscairí Feidhmíochta CNMI - Luimneach	41
Tithíocht	41
Bóithre agus Iompar	42
Uisce agus an Comhshaol	43
Pleanáil agus Rialú Tógála	44
An tSeirbhís Dóiteáin	44
Leabharlanna, an Óige agus Cuimsiú	45
Corparáid agus Airgeadas	46
Fiontar agus Turasóireacht	46
Aguisíní	47

2025/2026

IS IAD NA 40 COMHAIRLEOIR ATÁ TOFA AR CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH NÁ:

MÉARA LUIMNIGH



John
Moran

CEANTAR UIRBEACH LUIMNIGH - 21 COMHALTA

CATHAIR
LUIMNIGH THOIR
- 7 GCOMHALTA



Peter
Doyle (FG)



Ursula
Gavan (NP)



Seán
Hartigan (GP)



Sarah
Kiely (FG)



Joe
Pond (FF)



Elena
Secas (NP)

PRÍOMHCHOMHAIRLEOIR CHOMHAIRLE
CATHRACH AGUS CONTAE LUIMNIGH



Catherine
Slattery (FF)

CATHAIR LUIMNIGH
THUAIDH
- 7 GCOMHALTA



Sarah
Beasley (AONTÚ)



Sharon
Benson (SF)



Frankie
Daly (NP)



Shane Hickey-
O'Mara (SD)



Kieran
O'Hanlon (FF)



Olivia
O'Sullivan (FG)



Pádraigh
Reale (LAB)

IARTHAR CHATHAIR
LUIMNIGH
- 7 GCOMHALTA



Maria
Donoghue (NP)



Fergus
Kilcoyne (FF)



Joe
Leddin (LAB)



Dan
McSweeney (FG)



Elisa
O'Donovan (SD)



Azad
Talukder (FF)

CATHAOIRLEACH, CEANTAR
UIRBEACH LUIMNIGH



Daniel
Butler (FG)

CEANTAR BARDASACH AN CHAISLEÁIN NUA - 6 COMHALTAÍ



Francis
Foley (FF)



Tom
Ruddle (FG)



Liam
Galvin (FG)



Jerome
Scanlan (NP)



John
Sheahan (FG)

LEAS-PRÍOMHCHOMHAIRLEOIR
CHOMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE
LUIMNIGH
CATHAOIRLEACH, CEANTAR BARDASACH
AN CHAISLEÁIN NUA



Michael
Collins (FF)

CEANTAR BARDASACH ÁTH DARA-RÁTH CAOLA - 6 COMHALTAÍ



Bridie
Collins (FF)



Tommy
Hartigan (II)



Stephen
Keary (FG)



John
O'Donoghue (II)



Adam
Teskey (FG)

CATHAOIRLEACH, CEANTAR BARDASACH
ÁTHA DARA-RÁTH CAOLA



Ger
Ward (FF)

CEANTAR BARDASACH NA CEAPÁÍ MÓIRE-CHILL MOCHEALLÓG - 7 COMHALTAÍ



P.J.
Carey (SF)



Tommy
O'Sullivan (FG)



Eddie
Ryan (NP)



Martin
Ryan (FF)



Noreen
Stokes (FG)



Brigid
Teeffy (NP)

CATHAOIRLEACH, CEANTAR BARDASACH
NA CEAPÁÍ MÓIRE-CHILL MOCHEALLÓG



Gregory
Conway (FG)

1. BROLLACH

Tá Luimneach ag cur tús le ré nua. Tar éis deich mbliana de dhul chun cinn suntasach, tá an deis againn anois - le chéile - múnla rialtais áitiúil a chruthú atá níos láidre, níos freagraí agus níos uaillmhianaí. Leagtar amach sa Phlean Corparáideach seo an chaoi a mbainfear úsáid as an deis sin chun buntáistí atá fíor agus buan a sholáthar le haghaidh mhuintir uile Luimnigh.

Tá ár bhfís soiléir: Luimneach atá inbhuanaithe, iomaíoch agus cuimsitheach, áit a bhfuil pobail tuaithe agus uirbeacha faoi bhláth, ina bhfásann gnóilachtaí agus ina soláthraítear seirbhísí poiblí ar an gcaighdeán is airde. Chun é sin a bhaint amach, díreimid ar cheannaireacht láidir, ar rialachas éifeachtach, ar bhainistiú freagrach airgeadais agus ar chultúr feabhsaithe leanúnaigh thar gach cuid den eagraíocht.

Aithnímid ár mbuanna - daoine sciliúla, institiúidí láidre, geilleagar atá i mbun fáis agus daonra - agus ár ndúshlán araon lena n-áirítear soláthar tithe, brúnna aeráide agus an gá le bonneagar seasmhach. Cuirtear creat ar fáil leis an bplean seo chun dul i ngleic leis na dúshláin sin go luath agus go cinntitheach, agus aithnítear go mbíonn tionchar fadtéarmach níos mó ag gníomh tráthúil.



John Moran
Méara Luimnigh



Catherine Slattery
Príomh-Chomhairleoir



An Dr Pat Daly
Ard-Stiúrthóir

**Tá ár bhfís
soiléir:
Luimneach atá
inbhuanaithe,
iomaíoch agus
cuimsitheach**

Braithfidh an rath ar a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpobail, lenár ranna rialtais, lenár ngnóilachtaí agus leis an réigiún máguaird. Cuireann an Plean Corparáideach seo de cheangal orainn chomhoibriú a dhéanamh, trédhearcacht a chleachtadh agus torthaí intomhaiste agus seirbhís phoiblí atá freagrúil do riachtanais agus d'uaillmhianta Luimnigh a bheith againn.

Cuirtear in iúl sa Phlean Corparáideach na comhthosaíochtaí polaitiúla atá ag an Méara, ag an bPríomh-Chomhairleoir, ag Comhairleoirí agus ag an Ard-Stiúrthóir.

Le chéile, tógfaimid Luimneach atá níos cothroime, níos glaise agus níos dinimiciúla - Luimneach atá chun tosaigh ar bhonn náisiúnta, atá in iomaíocht ar bhonn idirnáisiúnta agus a dhéanann beart de réir a bhriathar ar bhonn áitiúil.

2. INTREOIR



Soláthraítear creat straitéiseach i bPlean Corparáideach Luimnigh le haghaidh ghníomhartha Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (an "Chomhairle") le linn na tréimhse cúig bliana atá romhainn. Tá sé rithabhachtach don chaoi ina soláthraimid seirbhísí do mhuintir Luimnigh. Leagtar amach sa phlean an chaoi a dtacóimid le tosaíochtaí an Mhéara, Phríomhchomhairleoir, Chomhairleoirí agus Ard-Stiúrthóir Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (LCCC).

Forbraíodh an Plean Corparáideach trí chur chuige cuimsitheach, straitéiseach eagraíochta, lena n-áirítear an Méara, Chomhairleoirí, an Lucht Bhainistíochta agus an Fhoireann agus comhpháirtithe áitiúla rithabhachtacha i Luimneach. Tagann sé go díreach leis an bhfís agus leis na huaillmhianta a bhí mar bhonn faoin gClár Méara, 2024-2029. De réir Alt 134 den Acht Rialtais Áitiúil, mar atá leasaithe, ullmhaíodh an Plean Corparáideach seo agus an Clár Méara agus a leithéid de bheartais agus cuspóirí á gcur san áireamh mar atá leagtha amach i bpleananna, i ráitis, i straitéisí agus i gcáipéisí eile a d'ullmhaigh an Chomhairle agus atá laistigh de chomhthéacs níos leithne an Chláir don Rialtas agus beartas agus straitéisí reatha áitiúla, náisiúnta agus réigiúnacha.

Cuireadh an Plean Corparáideach in oiriúint do riachtanais chorparáideacha ar leith LCCC mar an chlár polasaí daonlathach amháin do Luimneach. Le linn an phlean dheireanaigh, chuir an phaindéim dhomhanda isteach go mór orainn, rud a spreag freagraí comhtháite agus athruithe sa chaoi ina n-oibrímid agus a ndéanaimid cumarsáid - dearadh an plean seo chun ligean don Chomhairle dul i dtaithí ar dhúshlán idirnáisiúnta agus náisiúnta atá ag teacht chun cinn, ar thosaíochtaí atá ag athrú, agus ar athdháileadh acmhainní lena linn. Beidh an

Plean faoi réir athbhreithniú rialta de réir chinneadh na Comhairle Iomláine agus ag Leibhéal an Bainistíochta Sinsearaí chomh maith lena n-áirítear an Méara.

Beidh aird ag an gComhairle ar thuarascáil "an Tascfhórsa um Rialtas Áitiúil" nuair a fhoilsítear í



agus ar gach leasú reachtaíochta nuair a chuirtear iad i bhfeidhm agus glacfaidh an Chomhairle páirt go hoscailte agus go neamhspleách in athbhreithniú an Achta Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024 nuair a chuirfidh an Rialtas tús leis laistigh den tréimhse trí bliana.

Tá an Plean tiomanta do thacú le Cód an Rialachais Chorparáidigh le haghaidh údarais áitiúla¹. Cinnteoidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go dtabharfar faoi riachtanais riaracháin agus maoirseachta an Chóid mar atá riachtanach sa Phlean Corparáideach.

¹ <https://www.gov.ie/en/publication/29839-code-of-corporate-governance-for-local-authorities/>

3. ATHBHREITHNIÚ AR ÉACHTAÍ BARRTHÁBHACHTACHA

Plean Corparáide 2019-2024



Forbairt Gheilleagrach

- cruthú 14,029 post i Luimneach arna thacú ag cláir thacaíochta gnó, rud a spreagann foghlaim ar feadh an tsaoil agus a mheallann infheistíocht idirnáisiúnta.

Tionscnaimh Rathúla mar Fhreagairt ar COVID-19

- lena n-áirítear oiriúnú seirbhísí poiblí, clár tacaíochta phobail agus scéimeanna téarnaimh gnó i rith na paindéime.



Cur i bhFeidhm Phlean Eacnamaíoch Luimnigh 2030

- lena n-áirítear dul chun cinn suntasach ar an Láithreán Opera agus forbairt bloc oifigí Opera One, tionscadal €250+ milliún atá ar cheann de na píosáí forbraíochta tráchtála ionchathrach is mó in Éirinn.

Éachtaí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

- cur i bhfeidhm na Straitéise um Oiriúnú Aeráide, tionscadal fuinnimh in-athnuaite agus tionscnamh iompair inbhuanaithe.



Dul Chun Cinn Soláthair Tithe

- tithíocht shóisialta a sholáthar trí thógáil agus fáil agus trí thacaíochtaí tithíochta príobháidí agus réitigh nuálacha tithíochta á gcur i bhfeidhm chun dul i ngleic le heaspa dídine lena n-áirítear fóram chun freagairt chomhtháite ar mhaithe leis an Úcráin a chur ar fáil.



Tionscnaimh um Rannpháirtíocht an Phobail

- forbairt rathúil phobail rannpháirtíochta, athnuachan, comhfhorbairt áite agus pobal scéimeanna feabhsaithe.

Turasóireacht, Spóirt agus Forbairt Chultúrtha
- óstáil rathúil imeachtaí agus féilte barrthábhachtacha, tionscadail um chaomhnú oidhreacht, agus feabhsuithe bonneagair chultúrtha. Oscailt Ghlasbhealach Luimnigh agus feabhsuithe bonneagair spóirt.



Tionscadail um Athghiniúint Uirbeach agus Tuaithe

- cur i bhfeidhm scéimeanna Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus tionscnaimh Athnuachana Uirbí lena n-áirítear dul i ngleic go gníomhach le dearóiliú, Athnuachan an Chaisleáin Nua agus Mhainistir na Féile, feabhsuithe Ríochta Poiblí ar Shráid Uí Chonaill agus tionscnaimh ghníomhacha taistil.

Claochlú digiteach
- cur i bhfeidhm seirbhísí digiteacha a bhfuil duaiseanna buaite acu, lena n-áirítear feabhsuithe seirbhísí Comhairle ar líne agus Tionscnaimh Cathrach Chliste



Seirbhísí Chun Tosaigh

- maidir le hÍocaíocht Cúnaimh Tithíochta, Ionad Réigiúnach Rialaithe na Mumhan agus Bainistíocht Dramhaíola Réigiúnach an Deiscirt agus Dearadh Bóithre an Iarthair Láir.

Rannpháirtíocht Chomhoibríoch
- le comhpháirtithe san earnáil phoiblí agus phríobháideach chun caighdeán na beatha a fhorbairt agus a chur chun cinn i Luimneach.



An Chéad Mhéara a Toghadh go Díreach in Éirinn i Meitheamh 2024.

Dúshláin ónár dTimpeallacht Reatha Oibríochta

Tugadh faoi anailís chuimsitheach ar thimpeallacht oibríochta na Comhairle ina léirítear an mhíshocracht leanúnach idirnáisiúnta a bhí mar ghné don Chomhairle le cúig bliana anuas agus atá fós i réim. Is féidir teacht air sin sa Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail. Coimeádann an Chomhairle í féin clár rioscaí chun na rioscaí atá roimh Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a bhainistiú agus a mhaolú.

Tá tionchar ar an ngeilleagar áitiúil faoi láthair ag an éiginnteacht dhomhanda reatha agus ag tosca amhail iomaíocht atá ag méadú le haghaidh na hinfheistíochta díri coigríche (IDC), bonneagar easnamhach chun tacú le méadú gnó, agus luaineacht dhomhanda eacnamaíoch. D'fhéadfadh fadhbanna amhail ganntanais leanúnacha tithe agus costais tithíochta atá ag ardú, neamhréireanna scile, bacanna sa slabhra soláthair, agus costais earraí agus seirbhísí atá ag ardú bac a chur ar Luimneach in ainneoin a iomaíochais agus a sheasmhachta eacnamaíche. Mar mhaolaitheoir in aghaidh na rioscaí leanúnacha ar infheistíocht IDC i Luimneach, tabharfaidh an Chomhairle tús áite do thacú le gnólachtaí áitiúla dúchais chun fáis. Mar cheannródaí réigiúnach, beidh na scileanna, acmhainn agus uailmhian riachtanach ag teastáil ón gComhairle chun idirghabháil a dhéanamh ina

ina leithéid de dhúshláin agus dul i ngleic le forbairt éagothrom eacnamaíoch agus shóisialta.

Tá dúshláin rithabhachtacha roimh bhonneagar, go háirithe roimh thithíocht, sláinte agus seirbhísí pobail agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag na dúshláin sin ar fhás agus ar chaighdeán beatha Luimnigh. Níl ráta soláthair tithe le blianta beaga anuas ag comhlíonadh an éilimh reatha agus mar thoradh air sin, tá ardú ag teacht ar chéatadáin an daonra nach bhfuil in acmhainn dóibh tithe

a fháil ar cíos nó a cheannach. Sa chomhthéacs seo, fanfaidh sé dúshlánach soláthar a mhéadú sa ghearrthearma chun éileamh a chomhlíonadh agus malartú i gcostais reatha a fheiceáil. Aithnítear an gá le roghanna iompair áitiúil agus seirbhísí poiblí a ailíniú le fás an daonra, go háirithe i gceantair thuaithe agus i gceantair sa chathair ina

bhféadfadh fás mór tarlú. Tá sé seo riachtanach le go mbeidh tionchar dearfach ar shoghluaisteacht, ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar rochtain chothrom ar sheirbhísí bunriachtanacha. Tá Luimneach, mar chuid den réiteach náisiúnta tithíochta, ag obair chun an t-éileamh ar sholáthar tithe poiblí agus príobháideacha araon a chomhlíonadh trí thacaíocht bhonneagair, trí phleanáil, trí athghiniúint uirbeach agus tuaithe agus trí bhearta um thithíocht shóisialta.



Chun a fíis a chomhlíonadh, tá freagairtí comhtháite agus ilghníomhaireachta ag teastáil ó Luimneach chun dúshlán ar leith a chomhlíonadh. D'aithin Luimneach an oideachas mar dhúshlán – agus mar dheis – agus ár ndaonra ag leanúint de bheith ag fás. Beidh freagairt ilghníomhaireachta ag teastáil uaidh sin. Tá éileamh ar scileanna nua, go háirithe in earnálacha atá ag teacht chun cinn, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar ionchais fostaíochta agus ar fhás eacnamaíoch áitiúil. Beidh an ról éascaíochta agus cumasaithe atá ag an oideachas ríthábhachtach chun dul i ngleic le bearnaí socheacnamaíocha atá ag teacht chun cinn ar fud Luimnigh, i gcomhthéacs ilghníomhaireachta. Tá gá ann le deiseanna a uasmhéadú chun oideachas dóibh siúd a bhfuil cáilíochtaí níos ísle acu a mhéadú ach teicneolaíocht agus bearta eile a úsáid chun foghlaim ar feadh an tsaoil a leathadh go mór agus chun iad siúd a bhfuil cáilíochtaí níos ísle acu agus/nó scileanna nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh a spreagadh chun dul isteach sa chóras arís.

Tá dúshlán shuntasacha roimh Luimneach freisin mar gheall ar dhrochthithíocht stairiúil agus leanúnach agus ar ardleibhéil bhochtaineachta i gceantair sa chathair agus sa chontae araon. Tá freagairtí trasearnála ag teastáil ó na leibhéil bhochtaineachta idirghlúine sin chun dul i ngleic leis an toradh éagothrom sóisialta agus sláinte atá roimh phobail sna ceantair sin.

Cuireann na tosca sin le chéile béim ar an ngá atá le hinfheistíocht dhíreach, le beartais réamhghníomhacha agus le soláthar níos láidre agus níos fearr chun Luimneach atá cuimsitheach, inbhuanaithe, agus iomaíoch a thógáil.

Dúshlán barrthábhachtach a bheidh roimh an gcomhairle ná a bheith i bhfách réitigh ar na dúshlán sin agus maoiniú a lorg le haghaidh na bpleananna sin agus na bpleananna eile ar fad sa phlean seo.



4. ÁR bhFÍS

Beidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ina príomhghníomhaí i rialachas agus i seirbhís phoiblí ar leibhéal áitiúil, mar Chomhairle atá rathúil, cuimsitheach, dírithe ar réitigh agus fadbhreathnaitheach - agus í fréamhaithe sa daonlathas, sa mheas, san iontaoibh, sa nuálaíocht agus san inbhuanaitheacht.

Oibreoidh an Méara agus an tArd-Stiúrthóir i gcomhar leis an bPríomhchomhairleoir agus leis na Comhairleoirí mar cheannairí pobail agus mar lucht déanta beartais straitéisigh.

5. ÁR MISEAN

Oibriú i gcomhar lena chéile, agus creideamh coiteann againn i rialachas oscailte ar ardchaighdeán agus i seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar, a chumasaíonn ár bpobal, a spreagann fás cliste, a chuireann inrochtaineacht chun cinn agus a chinntíonn Luimneach láidir, athléimneach, inbhuanaithe agus nasctha do na glúine atá le teacht - agus muid ag obair lena chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár agus na caighdeáin is airde ionracais, trédhearcachta agus cuntasachta a chomhlíonadh.

6. ÁR LUACHANNA



Seirbhísí Bunriachtanacha a Sholáthar

Táimid tiomanta don leas coiteann trí ár seirbhísí dár bpobail agus dár ngnólachtaí a fheabhsú go leanúnach gach lá.

Leas an Phobail

Is é gníomhú ar mhaithe le leas an phobail an rud a spreagann muid. Tá an Chomhairle seo treoraithe ag sainordú daonlathach an Mhéara agus na gComhaltaí Tofa uile, lena chinntiú go léirítear guth an phobail inár gcinntí. Tá sé sin i gcroílár gach rud a dhéanaimid. Chun muinín a chothú, ba mhaith linn a chinntiú go mbíonn ár gcinntí bunaithe ar ionracas, trédhearcacht agus cuntasacht. Treoraíonn éifeachtúlacht agus luach ar airgead úsáid fhreagrach acmhainní agus soláthar seirbhísí ardchaighdeáin a fhreastalaíonn ar riachtanais gach duine. Ciallaíonn ár gcur chuige cuimsitheach go mbíonn guth ag gach duine i gCathair agus i gContae Luimnigh - daoine de gach aois, cúlra agus cumas - agus go mbíonn deis acu dul chun cinn a dhéanamh. Chun Luimneach a chosaint do na glúine atá le teacht, dírimid ar inbhuanaitheacht agus ar athléimneacht.

Meas agus Freagracht: Léirigh meas, Faigh meas, Glac freagracht

Is é an meas atá mar bhonn leis an gcaoi a mbíimid ag plé lenár ndaoine, lenár n-áit agus lenár n-oidhreacht. Táimid tiomanta do bheartais chuimsitheacha a léiríonn riachtanais éagsúla ár bpobal, lena n-áirítear straitéisí aoisbháula agus dearadh uilíoch. Éistimid go gníomhach, cruthaímid spás do gach guth, agus léirimid meas ar éagsúlacht. Caomhnaímid saibhreas cultúrtha agus oidhreacht Luimnigh agus muid ag glacadh leis an dul chun cinn ag an am céanna. Tugaimid ceannaireacht le meas agus glacaimid freagracht as ár ngníomhartha - ar mhaithe lena chéile agus ar mhaithe le saincharachtar ár cathrach agus ár gcontae. Creidimid freisin go bhfuil meas frithpháirteach riachtanach chun iontaobh agus meas ár bpobal agus ár ndaoine a chothú.

Comhoibriú

Creidimid go mbaintear éifeachtúlachtaí agus torthaí níos fearr amach trí bheith ag obair le chéile. Chun Luimneach chomhroinnte a mhúnlú, cuirimid rannpháirtíocht ghníomhach agus comhpháirtíochtaí comhoibríocha chun cinn idir aonaid éagsúla ár n-eagraíochta, agus le cónaitheoirí, gnólachtaí, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara eile. Trí na naisc sin a neartú, cinntímid go mbíonn cinntí níos cuimsithí agus réitigh níos éifeachtaí ann.



Uaillmhian

Is iad an uaillmhian agus an nuálaíocht a threoraíonn ár bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta, dhigiteach, chultúrtha agus fhisiciúil. Déanaimid ár ndícheall a bheith cróga inár n-uaillmhian do Luimneach trí spás a chruthú don chlaochlú, don fhás agus don acmhainneacht nár baineadh leas aisti go fóill, agus trí thodhchaí níos fearr a thógáil go gníomhach do gach duine i Luimneach.

1 <https://www.gov.ie/en/publication/29839-code-of-corporate-governance-for-local-authorities/>

7. CEANGAIL CHORPARÁIDEACHA

#ActiveTr
Limeri



Ár nDualgas Seirbhíse Phoiblí: Comhionannas agus Cearta Daonna

Oibreoidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun a cuid oibleagáidí maidir le comhionannas agus cearta an duine faoi Alt 42 d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, a chur i bhfeidhm go hiomlán. Tiocfaidh clár leathana bheartais na Comhairle go hiomlán leis na hoibleagáidí sin, agus oibrímid lena chinntiú go ndéanfaidh an fhoireann, na Comhaltaí, an Bhainistíocht agus an Méara uile eiseamláir den Chomhairle sa réimse seo, agus go gcuirfear comhionannas i bhfeidhm go hiomlán ar fud sheirbhísí na Comhairle.

Tiomantas don Fhoireann

Oibreoidh an Chomhairle leis an bhfoireann chun a chinntiú go mbeidh rannpháirtíocht agus comhoibriú laistigh den eagraíocht bunaithe ar dhea-chleachtas i bpleanáil fórsa saothair, i soláthar oiliúna agus forbartha, agus in áiseanna atá oiriúnach dá bhfeidhm - nithe atá riachtanach don eagraíocht dhinimiciúil atá i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Beidh cumarsáid luath, rialta agus chuimsitheach leis an bhfoireann ina tosaíocht ag gach bainisteoir, chomh maith le cumarsáid níos fearr leis an bpobal i gcoitinne maidir le soláthar le linn thréimhse an phlean. Tabharfaidh a stiúrthóirí faoi seach níos mó deiseanna don fhoireann túsline páirt a ghlacadh sa chinnteoireacht.

Tiomantas don Ghaeilge

Cuirfidh an Chomhairle úsáid na Gaeilge chun cinn i gcomhréir le cuspóirí Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 de chuid Rialtas na hÉireann. Cuirfimid úsáid na Gaeilge i Luimneach chun cinn agus tacóimid léi.

Tiomantas do Ghníomhú ar son na hAeráide agus don Fhorbairt Inbhuanaithe

I gcomhréir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide na Comhairle, tá an Chomhairle tiomanta do sholáthar freagrach agus glas a fhorbairt thar shaolré an Phlean Chorporáidigh. Leanfaidh an Chomhairle uirthi ag obair chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn ar mhaithe linn uile, trí fhreagracht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch a ionchorprú inár gcuid oibre.

Osailteacht agus Trédhearcacht

Tá an Chomhairle tiomanta d'obair a dhéanamh ar bhealach osailte trédhearcach trí eolas cruinn, tráthúil agus inrochtana a chur ar fáil don fhoireann, do na Comhaltaí Tofa, do pháirtithe leasmhara agus don phobal, chun muinín a chothú i ngach rud a ndéanaimid.



8. PRÓIFÍL SHOCHEACNAMAÍOCH LUIMNIGH



Thaifead Daonáireamh 2022 daonra 209,536 i Luimneach, rud a léiríonn fás 8% ó 2016.

Tá thart ar 90,600 duine sa lucht saothair, agus bhí figiúirí an Bheochláir laghdaithe go 6,011 faoi thús 2025. I measc na bpríomhearnálacha fostaíochta tá an déantúsaíocht (14.2%), sláinte agus obair shóisialta (12.7%), agus oideachas (11.6%), agus 72% d'oibrithe i bpoist lánaimseartha. Oibríonn thart ar 28% de dhaoine ón mbaile ó am go chéile, is oibrithe sinsearacha, gairmiúla nó teicniúla iad 39%, agus oibríonn 22 % i gceirdeanna oilte nó mar oibreoirí próisis, monarchan agus meaisíní.

Tá Oll-bhreislúach (GVA) Réigiún an Iarthair Láir cothrom le 67% den mheán náisiúnta, rud a fhágann sa tríú háit é i measc réigiúin na hÉireann. Is é €29,491 an meánioncam indiúscartha i Luimneach, an tríú ceann is airde in Éirinn. Tá gnóthachtáil san oideachas láidir, agus cáilíocht tríú leibhéal ag 41% den daonra, figiúr atá ag druidim leis an meán náisiúnta de 45%.

Mar sin féin, tá gá le tairbhe eacnamaíoch atá níos cothroime agus níos córa. Tá éagothroime eacnamaíoch fós ann - tá 8.4% den daonra ina gcónaí i gceantair a mheastar a bheith faoi mhíbhuntáiste, i gcomparáid le 13.9% i gceantair a mheastar a bheith rachmasach.

Cé go bhfuil feabhas tagtha ar scór Luimnigh ar Innéacs Díothachta HP, tá an scór ar fud an chontae ina iomláine fós beagán faoi bhun an mheáin náisiúnta. Tháinig méadú ar an dá cheann den speictream aicmithe i Luimneach idir 2016 agus 2022: tá 8.4% den daonra ina gcónaí i gceantair a aicmítear mar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste mór nó an-mhór, agus tá 13.9% den daonra ina gcónaí i gceantair a aicmítear mar cheantair rachmasacha nó an-rachmasacha. Tá thart ar 34% de dhaonra

limistéar iar-Chomhairle Cathrach Luimnigh ina gcónaí i gcomharsanachtaí a aicmítear mar chomharsanachtaí atá faoi mhíbhuntáiste an-mhór/ faoi mhíbhuntáiste mór/ faoi mhíbhuntáiste. Tá Páirc Naomh Muire i gcroílár na cathrach ar an limistéar beag is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa Stát, le ráta dífhostaíochta 70% i measc na bhfear agus gan ach 2% den daonra a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal ar bith acu. Aicmítear codanna de

chroílár bailte tuaithe áirithe, amhail Ráth Caola (a bhfuil codanna de aicmithe mar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste an-mhór), Eas Géitine, Mainistir na Féile, An Caisleán Nua, an Brú, Cromadh, An Cheapach Mhór, Tobar Phádraig agus Caisleán Uí Chonaill, mar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste freisin.

Ní mór leanúint de dhul i ngleic leis an éagothroime stairiúil sin, agus ní mór do gach gníomhaireacht agus páirtí leasmhar ábhartha tacú leis an obair sin.

Foinse: Innéacs Díothachta Pobal HP 2022

**Tá fás 8%
tagtha ar
dhaonra
Luimnigh ó
2016**



Fás Daonra

209,536 cónaitheoir,
méadú 8% ó 2016



Lucht Saothair

90,600 sa lucht saothair,
an Beochlár laghdaithe
go 6,171 in 2025



Príomhearnálacha Fostaíochta

Déantúsaíocht (14.2%),
Sláinte (12.7%),
Oideachas (11.6%)



Fostaíocht Lánaimeartha

72% d'oibrithe fostaithe
go lánaimeartha




Leibhéil Ioncaim

Ioncam indiúscartha:
€29,491, an 3ú ceann
is airde in Éirinn



Aschur Eac- namaíoch (GVA)

Réigiún an Iarthair Láir
ag **67%** den mheán
náisiúnta, an 3ú ceann is
airde in Éirinn



Inbhuanaitheacht agus Fás

Fócas láidir ar fhorbairt
dhigiteach agus
bonneagair



Leibhéil Oideachais
41% a bhfuil cáilíochtaí tríú
leibhéal acu



Innéacs Díothachta
8.4% i gceantair atá faoi
mhíbhuntáiste, **13.9%** i
gceantair rachmasacha



**Scileanna agus
Comhdhéanamh an
Lucht Saothair**
39% gairmí/sinsearach,
22% i gceirdeanna oilte

9. PRÓIFIL AR gCOMHAIRLE



Próifíl Ár gComhairle

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freagrach as rialachas daonlathach áitiúil, ceannaireacht straitéiseach agus seirbhísí poiblí a sholáthar i Luimneach. Freastalaíonn ár n-Udarás Áitiúil ar dhaonra éagsúil, idir uirbeach agus tuaithe, trí líonra oifigí cathartha, iostaí agus seirbhísí ar fud an chontae, agus tá réimse ardán soláthair forbartha aici lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil go héifeachtach. Déanaimid struchtúir soláthair ár seirbhísí a athchóiriú go leanúnach chun an caidreamh idir Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus muintir Luimnigh a neartú tuilleadh.

Cuimsíonn freagrachtaí na Comhairle tithíocht agus seirbhísí pobail, bóithre agus iompar, pleanáil agus forbairt uirbeach, áiseanna cultúrtha agus maoirseacht comhshaoil. Tá 41 Bhall Thofa ar an gComhairle, lena n-áirítear an chéad Mhéara Tofa go Díreach, ar foilsíodh a chlár, More For Limerick, i mí Dheireadh Fómhair 2024. Déanann an Príomhchomhairleoir cathaoirleacht ar chruinnithe na Comhairle, gníomhaíonn sé/sí mar chainteoir na Comhairle agus cinntíonn sé/sí go ndéantar gnó na Comhairle ar bhealach ordúil agus neamhchlaonta. Áirítear le ról an Phríomhchomhairleora dualgais riachtanacha amhail ionadaíocht a dhéanamh do Bhaill Thofa na Comhairle, clár oibre na gcruinnithe a shocrú, rúin a cheadú, agus ord a choinneáil ag cruinnithe an údaráis áitiúil.

Tá ceithre Cheantar ag an gComhairle: trí Cheantar Bhardasacha in Áth Dara-Ráth Caola, Ceapach Mhór-Cill Mocheallóg agus An Caisleán Nua, agus Ceantar Cathrach Luimnigh.

Tá thart ar 1,500 ball foirne fostaithe ag an gComhairle, agus tá na príomhoifigí suite i gCé na gCeannaithe i Luimneach. Tá oifigí cathartha breise aici sna trí Cheantar Bhardasacha, i dTuar an Daill, i suíomhanna i lár na cathrach, in iostaí tacaíochta, i leabharlanna agus in áiteanna eile. Cuireann an Chomhairle seirbhísí comhroinnte ar fáil don tSeirbhís Náisiúnta Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht na 31 údarás áitiúil uile sa Stát.



Bainistíocht na Comhairle

Leagtar amach an creat do Bhainistíocht na Comhairle san Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú) agus san Acht um Méara Luimnigh agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024.

Ó toghadh an Méara, tá feidhmeanna agus ról iar-Phríomhfheidhmeannach na Comhairle roinnte idir post nuachruthaithe an Ard-Stiúrthóra agus an Méara Tofa go Díreach. Coinníonn an tArd-Stiúrthóir na feidhmeanna a bhaineann den chuid is mó le hoibriú laethúil agus na feidhmeanna a bhaineann le daoine aonair (mar shampla, tithíocht, deontais, etc. a leithdháileadh) ('Feidhmeanna an Ard-Stiúrthóra'), agus tá an Méara tar éis na feidhmeanna eile go léir a bhí ag an iar-Phríomhfheidhmeannach roimhe seo a ghlacadh air féin, feidhmeanna straitéiseacha agus beartais den chuid is mó, chomh maith le roinnt ról nua a bhaineann go sonrach le Luimneach ('Feidhmeanna an Méara') (mar a leagtar amach san aguisín 'Roinnt na bhFeidhmeanna').

Is é an tArd-Stiúrthóir, le tacaíocht ón mBord Bainistíochta, a bhainistíonn riarachán laethúil, foireann agus feidhmeanna eagraíochtúla na Comhairle, agus béis á leagan ar na stiúrthóireachtaí, ar an gcaoi a n-eagraíonn siad soláthar seirbhísí, agus ar na freagrachtaí beartais a bhaineann le gach Stiúrthóireacht.

I gcomhréir le halt 149(6) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024, comhlíonfaidh an tArd-Stiúrthóir agus an Méara na feidhmeanna uile de réir bheartas an Údaráis Áitiúil agus an Bheartais Náisiúnta (mar a leagtar amach in Aguisín D).

Is é an Méara a bhainistíonn cur i gcrích Fheidhmeanna an Mhéara, le tacaíocht ón Ard-Stiúrthóir chun a chinntiú go ndéanann na stiúrthóireachtaí na cúraimí a chur i gcrích ó lá go lá (féach thíos). Cuireann Oifig an Mhéara tacaíocht bhreise ar fáil maidir le riarachán laethúil, agus tagann tacaíocht maidir le cúrsaí beartais ó roinnt sainghrúpaí oibre. Ina theannta sin, faigheann an Méara tacaíocht i gcur i gcrích Chlár an Mhéara ón gCoiste Comhairleach agus Cur Chun Feidhme don Mhéara agus ó aon fhochoiste de chuid an Choiste

sin, ón gCoiste um Chlár an Mhéara a Chur i gCrích, a bhfuil an Méara ina chathaoirleach air, agus ó Oifig Chlár an Mhéara, atá faoi stiúir an Leas-Ard-Stiúrthóra mar Bhainisteoir Cláir.

Tá an Chomhairle eagraithe ina hocht stiúrthóireacht, a bhfuil ról ag gach ceann acu i gcur i gcrích réidh éifeachtach Fheidhmeanna an Ard-Stiúrthóra, Fheidhmeanna an Mhéara agus Chlár an Mhéara.

Tá Plean Fórsa Saothair uile-eagraíochta á ullmhú i gcomhthráth leis an bPlean Corparáideach seo. Cuirtear measúnú ar chomhdhéanamh agus ar chumais fhórsa saothair na Comhairle ar fáil sa Phlean Fórsa Saothair, agus cuirfear i bhfeidhm é thar shaolré an Phlean Chorporáidigh, de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil.

Fíor 2: Struchtúr Eagraíochtúil na Comhairle

Ard-Stiúrthóir An Dr Pat Daly Oifig an Ard-Stiúrthóra	An Méara John Moran Oifig an Mhéara	
Seirbhísí Corparáideacha, AD agus Forbairt Eagraíochta Joe Delaney - AD agus Feabhsú Gnó - Seirbhísí Corparáideacha agus Custaiméirí - Margaíocht agus Cumarsáid - Oifig an Phríomhchomhairleora agus na gCeantar Bardasach	Eacnamaíoch, Turasóireacht, Cultúr, Réadmhaoin agus Foirgnimh Chorporáideacha Sean Lenihan - Foirgnimh Chorporáideacha - Forbairt Eacnamaíochta agus Turasóireachta - Cultúr - Seirbhísí Maoine - Plean Fiontair Réigiúnach - Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ)	Infheistíocht Airgeadais agus Rialachas Matthew White - Bainistíocht Airgeadais - Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta ISC - CNSC - Seirbhísí Digiteacha agus TFC - Rialachas Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe
An Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide agus Dóiteán Kieran Lehane - An Comhshaol, Uisce Tuaithe agus Gníomhú ar son na hAeráide - Dóiteáin agus Éigeandáil - An Oifig Réigiúnach um Pleanáil Bainistithe Dramhaíola - Deisceart - Páirceanna agus Reiligi, Ceantar Uirbeach Luimnigh	Iompar, Soghluaiseacht agus Ríocht Phoiblí Patricia Liddy - Iompar, Ríocht Phoiblí agus Comhfhorbairt Áite - Taisteal Gníomhach - Oifig an Iarthair Láir um Dhearadh Bóithre - Náisiúnta - Seirbhísí Lárnacha, Trácht agus Bóithre - Measúnú agus Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte Dobharcheantair (MBRCTD)	Tithíocht Vincent Murray - Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta - Leas Tithíochta & Cóiríocht do Thaistealaithe - Tógáil agus Cothabháil Tithíochta ÚA - Straitéis Tithíochta agus Comhpháirtíocht Tionachta Measctha - Oifig um Ghníomhachtú Bhonneagar Cheathrú Colbert
Pleanáil, Oidhreacht agus Corn Ryder Stephane Duclot - Bainistíocht Forbartha - Pleanáil Chun Cinn, Forbairt Uirbeach agus Oidhreacht - Bainistíocht Tionscadail Chorn Ryder	Athghiniúint, Pobal, Spórt agus Forbairt Tuaithe Brian McCarthy - Athghiniúint - Spórt Agus Áineas - Tuaithe - Pobal	

Is iad na Stiúthóireachtaí ná:

- Seirbhísí Corparáideacha, AD agus Forbairt Eagraíochta
- Eacnamaíoch, Turasóireacht, Cultúr, Réadmhaoin agus Foirgnimh Chorparáideacha
- Infheistíocht Airgeadais agus Rialachas
- An Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide agus Dóiteán
- Iompar, Soghluaisteacht agus Ríocht Phoiblí
- Tithíocht
- Pleanáil, Oidhreacht agus an Corn Ryder
- Athghiniúint, Pobal, Spórt agus Forbairt Tuaithe

Leis an bPlean Fórsa Saothair, déantar tuilleadh forbartha ar thiomantas na Comhairle don fhoireann, mar a leagtar amach sa Phlean Corparáideach seo. Cabhróidh sé lena chinntiú go mbeidh an fhoireann dírithe ar na tosaíochtaí a eascraíonn ón gComhairle Thofa, ó Chlár an Mhéara (a luaitear a bheidh sé ag teacht le Beartas na Comhairle agus leis an mBeartas Náisiúnta), ó fheidhmeanna uile an Ard-Stiúrthóra agus ó fheidhmeanna uile an Mhéara a chur i gcrích thar théarma na Comhairle. Cuideoidh sé freisin lena chinntiú go mbeidh scileanna na foirne ag teacht níos fearr leis na ról atá acu, go dtabharfar aghaidh ar bhearnaí foirne, agus go bhfeabhsófar earcaíocht. Cabhróidh sé le deireadh a chur le smaointeoireacht neamhchomhtháite, le comhroinnt eolais a spreagadh, agus le comhoibriú a fheabhsú ar mhaithe le soláthar agus éifeachtúlacht níos fearr. Déanfar struchtúir bhainistíochta d'Fheidhmeanna an Ard-Stiúrthóra agus d'Fheidhmeanna an Mhéara araon a chomhordú nó, nuair is gá, struchtúir nua a chur ar

bun chun na torthaí sin a bhaint amach. Déanfar forbairt ar ár seirbhísí ar líne, agus bainfidimid leas as Intleacht Shaorga agus as uirlisí nua teicneolaíochta chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun monatóireacht agus taifeadadh níos fearr a dhéanamh ar chur i gcrích cúraimí faoi spriocdhátaí.

Tacaíochtaí Cur Chun Feidhme an Phlean Chorparáidigh

Éilítear cinnteoireacht éifeachtach ar leibhéal an Fheidhmeannais agus na Comhairle chun an Plean Corparáideach a chur i bhfeidhm. Déanfar machnamh ar choistí gnó iomchuí de chuid na Comhairle a bhunú chun tacú le hoibriú na Comhairle. Déanfaidh na coistí sin, faoi scáth an Phlean Chorparáidigh, a ndícheall fóram a choinneáil ar bun don chomhoibriú polaitiúil idir na páirtithe agus na grúpaí polaitiúla ar an gComhairle agus an Méara. Tacóidh an tArd-Stiúrthóir agus an fhoireann le hoibriú na gcoistí gnó sin. Is iad grúpaí polaitiúla na Comhairle lomlánaí, i gcomhairle leis an bPríomhchomhairleoir, a chinnfidh líon na gcoistí. Beidh na Comhairleoirí ar aon choistí gnó á n-ionadú sna pléití ag an bPríomhchomhairleoir nó, nuair is gá, ag duine eile ainmnithe acu ar Comhairleoir é nó í, ar mhaithe le dea-ord a choinneáil ag cruinnithe na gcoistí sin. Fanfaidh Coiste Prótacail reatha na Comhairle i bhfeidhm, agus é dírithe go hiomlán ar chúrsaí prótacail.

Beidh cruinnithe rialta ag an Méara agus ag an Ard-Stiúrthóir leis an bPríomhchomhairleoir agus le Cathaoirligh na gceithre Cheantar Bhardasacha chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí an Phlean Chorparáidigh, Clár an Mhéara agus cuspóirí foriomlána na Comhairle a chur i gcrích. Meastar go n-oibreoidh Cathaoirligh gach Ceantair leis an Ard-Stiúrthóir chun Ráitis Bhliantúla um Sholáthar Áitiúil a ullmhú dá gceantair, ar féidir leo bonn a chur faoi na pléití sin. Ina theannta sin, tá cuireadh tugtha ag an Méara don Phríomhchomhairleoir, agus leanfaidh sé de chuireadh a thabhairt dó, bheith ina chomhalta den Choiste Comhairleach agus Cur Chun Feidhme don Mhéara, in éineacht le Comhairleoir amháin eile nó níos mó.

Ó am go ham, féadfaidh an Chomhairle Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe (CGA) a bhunú chun infheistíocht a dhéanamh i gcomhfhiontair nó chun gnéithe de ghnó na Comhairle a dhéanamh. Beidh suas le ceathrar Ball Tofa ar an mBord Stiúrthóirí, agus ainmneoidh an Chomhairle iad i gcomhréir le príomhról na gcomhaltaí tofa, agus ionadaíocht pholaitiúil chothrom ann a léiríonn sainordú daonlathach na Comhairle, chun maoirseacht éifeachtach a chinntiú ar oibriú agus ar fheidhmíocht cuideachtaí den sórt sin agus i gcomhréir leis an gCód Rialachais Chorporáidigh d'Údaráis Áitiúla.

Chun maoirseacht bhreise a chinntiú, bunófar Bord Maoirseachta CGA chun comhairle a chur ar an nGrúpa um Beartas Corparáideach agus ar an gComhairle maidir le hábhair a bhaineann leis na CGAnna sin. Déanfaidh Bord Maoirseachta CGA breithniú ar cibé ábhair a mheasfaidh sé a bheith ábhartha agus, nuair a mheastar gur gá sin, buailfidh sé le lucht bainistíochta na gCuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe. Áireofar ar chomhaltas an Bhoird seo oifigigh de chuid na Comhairle, saeolaithe seachtracha nuair is cuí, agus suas le cúigear Comhairleoirí a ainmneoidh an Chomhairle.

Beartas a Cheapadh do Thodhchaí Nua do Luimneach

Tá beartas a chothaíonn Luimneach agus a chuireann feabhas uirthi i gcroílár chúraimí na Comhairle.

I gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta nua, molann an Méara, ina ról feidhmiúcháin, beartais éagsúla nó athruithe éagsúla don Chomhairle Thofa (a luaithe a bhíonn siad i gcomhréir le Beartas an Rialtais, mar a leagtar amach in Aguisín D), arb í an tÚdarás cinnteoireachta fós í.

Tríd an reachtaíocht nua, tugtar deis ar leith do Luimneach agus cuirtear roinnt bealaí nua ar fáil don Mhéara agus don Chomhairle dul i dteagmháil le codanna eile den rialtas - go háirithe le Rialtas na hÉireann agus

lena ghníomhaireachtaí náisiúnta - ar bhonn náisiúnta trí Fhóram Comhairliúcháin Mhéara Luimnigh agus an Rialtais, agus ar bhonn réigiúnach le Bord Soláthair Thionscadal Éireann 2040 Luimnigh. Tá an Méara, an Príomh-Chomhairleoir agus na Comhaltaí Tofa tiomanta do na deiseanna sin a thapú chun a gcuid beartas a chur chun cinn agus a fhorbairt, ar mhaithe le muintir Luimnigh, faoi chomhairle an Ard-Stiúrthóra.

Tacaíonn Grúpa Beartais Chorporáidigh (GBC) na Comhairle leis an gComhairle, dá réir sin, maidir le cinntiú ar chúrsaí beartais. Tá an Méara ina chathaoirleach ar an GBC, agus tá an Príomhchomhairleoir, Cathaoirligh na gCoistí um Beartas Straitéiseach (CBSanna) agus ionadaí ainmnithe ó na Ceantair Bhordasacha agus ón gCeantar Cathrach ina gcomhaltaí de freisin. Is é ról an GBC comhairle agus cúnamh a thabhairt don Mhéara agus don Chomhairle Thofa maidir le beartas a cheapadh, a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh air agus athbhreithniú a dhéanamh air. Tá ról comhairliúcháin ag an GBC freisin in ullmhú an bhuiséid agus an Phlean Chorporáidigh; is feidhm fhorchoimeáda de chuid Bhaill Thofa na Comhairle iomláine é sin sa deireadh.

Tá sé de chúram freisin ar na CBSanna, mar choistí de chuid na Comhairle, comhairle agus cúnamh a thabhairt don Mhéara agus don Chomhairle maidir le ceapadh, forbairt agus athbhreithniú beartais ina réimsí sonracha féin. Tá sé mar aidhm ag córas CBS deis a thabhairt do Chomhairleoirí agus do Leasanna Earnála ábhartha páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas ceaptha beartais agus san athbhreithniú ar smaointe a thagann ón Méara agus ón bhfeidhmeannas ó na céimeanna tosaigh. Oibreoidh na CBSanna leis an Méara ar phríomhthionscnaimh bheartais a chur i gcrích, tionscnaimh a thugann aghaidh ar thosaíochtaí beartais reachtúla agus neamhreachtúla Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus is tosaíochtaí iad go leor acu atá leagtha amach i gClár an Mhéara do théarma gach Comhairle.

Féadfaidh roinnt Sainghrúpaí cúnamh a thabhairt don Mhéara agus don Fheidhmeannas i bhforbairt creataí beartais. Beidh na Sainghrúpaí sin comhdhéanta de shaineolaithe seachtracha a roghnóidh an Méara, agus de Chomhairleoirí, agus comhdhéanamh polaitiúil reatha na Comhairle á chur san áireamh. Gheobhaidh na Sainghrúpaí sin tacaíocht ina gcuid oibre ó bhaill foirne a chomhaontóidh an tArd-Stiúrthóir agus an Méara. Tabharfaidh na CBSanna agus an GBC comhairle don Mhéara agus do na Comhairleoirí maidir le gach tionscnamh beartais áitiúil a chuirfidh an Méara faoi bhráid an CBS ábhartha sa deireadh lena bhreithniú, agus ansin faoi bhráid an GBC agus na Comhairle lomlánaí lena mbreithniú agus lena gceadú, toisc gurb ag an gComhairle lomlán atá an t-údarás cinnteoireachta deiridh maidir le Beartas na Comhairle. Ní mór do gach beartas a chuirtear faoi bhráid na Comhairle a bheith ag teacht leis an reachtaíocht ábhartha agus iomchuí, mar a leagtar amach in Aguisín D.

Tá ceanglas ar gach CBS aird a thabhairt ar na Straitéisí Spásúla agus Eacnamaíocha Réigiúnacha (SSER) arna n-ullmhú ag an Tionól Réigiúnach.

Tá Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) ag an gComhairle, a dhéanann maoirseacht ar chur chun feidhme ghnéithe pobail Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Luimnigh.

Tacaíonn an Chomhairle freisin leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) i Luimneach, atá ina phríomhchumasóir do ghuth na bpobal i Luimneach i gceapadh beartais.

I gcomhréir le halt 149(6) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024, comhlíonfaidh an tArd-Stiúrthóir agus an Méara na feidhmeanna uile de réir bheartas an Údaráis Áitiúil. Ní mór togra foirmiúil chun Beartas ábhartha na Comhairle a leasú a thabhairt ar aghaidh tríd an

Bunaíodh Cúig Choiste um Beartas Straitéiseach in 2025:

- CBS um Thithe agus Forbairt Shóisialta
- CBS um Thaisteal agus Iompar
- CBS um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontar, Turasóireacht agus Pleanáil
- CBS um Phobal, Fóillíocht, Ealaíona, Oidhreacht agus Cultúr
- CBS um Ghníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht agus Comhshaol

mbealach a leagtar amach thuas i gcás nach bhfuil aon chinneadh nó gníomh beartaithe i gcomhréir leis an mbeartas reatha, toisc gurb í an Chomhairle lomlán a choinníonn an t-údarás cinnteoireachta deiridh maidir le Beartas na Comhairle. Ní mór do gach beartas a chuirtear faoi bhráid na Comhairle a bheith i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus iomchuí, mar a leagtar amach in Aguisín D.

10. AG TACÚ LE hEAGRÚCHÁN





Chomh maith le hathnuachan struchtúir na Comhairle, mar a leagtar amach thuas, bunófar an creat foirne tacaíochta faoi chuimsiú Phlean Straitéiseach Fórsa Saothair na Comhairle. Áireofar sa Phlean Fórsa Saothair machnamh ar riachtanais ceaptha beartais agus riachtanais eile na Comhairle Tofa, agus ar na hacmhainní a bheidh ag teastáil chun freastal ar fhorbairt beartais, ar bheartas reachtúil agus ar oibleagáidí eile, agus chun feidhmeanna eile de chuid an Ard-Stiúrthóra agus feidhmeanna de chuid an Mhéara a chur i gcrích. Leagtar amach freagrachtaí

**Bunófar an creat
foirne tacaíochta
faoi chuimsiú
Phlean Straitéiseach
Fórsa Saothair na
Comhairle.**

reachtúla soiléire don Mhéara agus don Ard-Stiúrthóir san Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024, agus san Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Tacaíonn an bhainistíocht shinsearach agus an fhoireann ábhartha le ról an Mhéara maidir le beartais a thabhairt trí na Coistí um Beartas Straitéiseach agus tríd an gComhairle Iomlánaí, agus maidir le Feidhmeanna an Mhéara a chur i gcrích ar bhealaí eile. D'fhéadfadh comhoibriú breise le comhlachtaí agus saineolaithe eile a bheith i gceist leis sin ó am go ham. Oibreoidh comhoibriú le Comhaltaí Tofa eile, de réir mar is gá, laistigh de na creataí a thuairiscítear thuas, lena n-áirítear an Coiste nó na Coistí Gnó beartaithe, i gcomhréir lena ról chun tacú le hoibriú éifeachtach na Comhairle. Ní mór do gach beartas a chuirtear faoi bhráid na Comhairle a bheith i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus iomchuí, mar a leagtar amach in Aguisín D.

11. ÁR gCUSPÓIRI STRAITÉISEACHA



Geallann Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an méid seo a leanas:

Cuspóir 1	A bheith ina heagraíocht dhinimiciúil fhreagrúil a chuireann seirbhísí poiblí den chaighdeán is airde ar fáil chun freastal ar riachtanais, uailmhianta agus acmhainneacht mhuintir Luimnigh.
Cuspóir 2	Tosaíochtaí ár n-ionadaithe tofa uile a chur chun cinn trínár bPlean Corparáideach, agus a chinntiú ag an am céanna nach bhágfar aon chuid dár ndaonra ar lár.
Cuspóir 3	A bheith ina heagraíocht fhreagrach, chuimsitheach agus ardfheidhmíochta, agus cultúr eagraíochtúil atá bunaithe ar luachanna, ar chomhoibriú agus ar chuntasacht á dhaingniú aici, cultúr ina gcuirtear ar chumas na foirne barr a gcumais a bhaint amach, ina gcuirtear luach ar obair na foirne, ina dtacaítear leis an nuálaíocht agus ina léirítear ár dtiomantas do sheirbhís phoiblí den scoth do Luimneach.
Cuspóir 4	Ár sócmhainní uathúla cultúir agus oidhreachta a chur chun cinn mar chranna taca d'fhéiniúlacht agus d'fhorbairt an phobail, agus comhfhorbairt áite á cothú chun folláine an phobail a chur chun cinn agus pobail shláintiúla bheoga a chruthú.
Cuspóir 5	Buntáistí iomaíocha Luimnigh, amhail a suíomh, a fheabhsú trí nascacht réigiúnach agus idirnáisiúnta bhreise a chruthú, agus trí ghréasán iarnróid agus busanna comaitéireachta áitiúla is fearr in Éirinn a sholáthar chun infheistíocht a mhealladh agus a choinneáil ar bun agus deiseanna nua fostaíochta a chruthú sna blianta atá amach romhainn.
Cuspóir 6	An deis atá ag Luimneach faoin reachtaíocht nua a uasmhéadú trí dhul i dteagmháil le réimse níos leithne páirtithe leasmhara rialtais, go háirithe Airí agus Ranna Rialtais, trí Fhóram Comhairliúcháin Mhéara Luimnigh agus an Rialtais.
Cuspóir 7	Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bheith i gcroílár na Comhairle.
Cuspóir 8	Glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha agus iad a úsáid chun soláthar seirbhísí a fheabhsú, pobail a chumasú agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn.
Cuspóir 9	Ardchaighdeán rialachais, trédhearcachta, cuntasachta agus luach ar airgead a chinntiú i ngníomhaíochtaí uile na Comhairle.
Cuspóir 10	Bonneagar ardchaighdeán a fhorbairt agus a choinneáil ar bun chun tacú le fás Réigiún an Iarthair Láir.
Cuspóir 11	A chinntiú go gcloistear guth an phobail, agus guth daoine aosta go háirithe, go hiomlán agus beartais do Luimneach á bhforbairt.

12. MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT



Tá ár spriocanna ardleibhéil nasctha le táscairí feidhmíochta náisiúnta an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (CNMI), agus geallaimid go bhfoilseoidimid nuashonruithe ar dhul chun cinn gach ráithe ar thairseach ar líne, agus úsáid á baint as táscairí seirbhíse CNMI mar thagarmharcanna chun feidhmíocht a mheasúnú, a dhéanfaidh an Chomhairle Iomlán a bhreithniú gach leathbhliain freisin.

Tá gá le tairseach ar líne i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a léireoidh dul chun cinn i gcomparáid le táscairí feidhmíochta, chun trédhearcacht, cuntasacht agus muinín an phobail a fheabhsú. Cuirfidh an tairseach ar chumas na gComhaltaí Tofa, na foirne agus an phobail dul chun cinn a rianú go héasca agus réimsí ar gá iad a fheabhsú a aithint, trí eolas soiléir atá suas chun dáta a chur ar fáil faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leis an gComhairle i gcomparáid leis na spriocanna comhaontaithe. Tacaíonn sí freisin le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise, tugann sí seirbhísí i gcomhréir le cuspóirí straitéiseacha, agus léiríonn sí tiomantas na Comhairle do rialachas oscailte agus d'fheabhsú leanúnach feidhmíochta.

Déanfar faireachán agus meastóireacht leanúnach ar dhul chun cinn agus ar thionchar an Phlean Chorpáraidigh le linn a thréimhse, bunaithe ar na próisis mheasúnaithe reachtúla atá i bhfeidhm sa Chomhairle, lena n-áirítear an Coiste Iniúcháireachta, Tuarascálacha Feidhmiúcháin míosúla, an Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhísí agus an Tuarascáil Bhliantúil. Beidh an mhonatóireacht sin nasctha freisin le Spriocanna

Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus le creat feidhmíochta CNMI, atá ceangailte le tosaíochtaí agus cúraimí gach Stiúrtóireachta i bPleananna Bliantúla um Sholáthar Seirbhísí na Comhairle.

Ní mór tionscnaimh agus cinntí straitéiseacha an Ard-Stiúrtóra agus an Mhéara a mheasúnú i dtaobh a gcomhlíonta le Beartais na Comhairle tríd an gComhairle Iomlánaí, i gcomhréir le halt 149(6) den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú leis an Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha 2024.

Tairseach ar líne a léireoidh dul chun cinn i gcomparáid le táscairí feidhmíochta

Forbraíodh ardán monatóireachta saincheaptha chun cur i gcrích na gcuspóirí straitéiseacha a bhainistiú. Tacaíonn córas Co-Plan le pleanáil ar leibhéal cláir, measúnú, tuairisciú agus bainistiú ar dhul chun cinn agus ar chur i gcrích laistigh de chreat cuspóirí straitéiseacha, lena n-áirítear Pleananna Bliantúla um Sholáthar Seirbhísí gach Stiúrtóireachta.

Déanfaidh Coiste Comhairleach agus Cur Chun Feidhme Mhéara Luimnigh monatóireacht ar Chlár an Mhéara agus tabharfaidh sé cúnamh ina leith ar bhonn reachtúil, mar a leagtar amach sa reachtaíocht is infheidhme.

Déanfaidh an Chomhairle Iomlán monatóireacht freisin ar Chlár an Mhéara, a chumasófar leis an gCiste Bliantúil Méara, agus cuirfear nuashonruithe leathbhliantúla ar fáil don Chomhairle Iomlán.

Cuirfidh an tArd-Stiúrtóir agus an Méara tuarascálacha míosúla ar leith faoi bhráid na gComhaltaí Tofa.

CUSPÓIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Tá na Spriocanna sin faoi réir acmhainní a bheith ar fáil agus i gcomhréir le tosaíocht na Comhairle Tofa.

13.1 Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochta

Cuspóirí Feidhmíochta	Cláir Thacaíochta / Straitéisí	Modheolaíocht Tomhais	Bunlíne
Tacú le sainordú daonlathach na gcomhaltaí tofa.			
Ról ceaptha beartais na gComhaltaí Tofa a éascú agus tacú leis na Comhaltaí agus iad ag feidhmiú a sainordaithe dhaonlathaigh, lena n-áirítear oibleagáidí faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001 a chomhlíonadh.			
Feabhas a chur ar shreabhadh eolais idir an Feidhmeannas agus na Comhaltaí Tofa, lena n-áirítear a chinntiú go mbeidh Clár na nOrduithe a dhéanann an Méara nó an tArd-Stiúrthóir suas chun dáta agus ar fáil ar SharePoint (nó ar aon ardán leictreonach eile) lena iniúchadh ag na Comhaltaí, agus go mbeidh an t-ordú, an meamram agus gach doiciméad tacaíochta eile san áireamh ann i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus le Saoráil Faisnéise (SF).			
Dea-rialachas agus iompar eiticiúil a dhaingniú.	Cód Rialachais Chorparáidigh d'Údarais Áitiúla.		
Creat Bainistíochta Riosca Chorparáidigh a choinneáil ar bun.			
Cumas an fhórsa saothair a thabhairt i gcomhréir le Beartas na Comhairle agus leis an bPlean Corparáideach.			
Comhionannas agus folláine a chur chun cinn.			
Cultúr sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn.			
Na 7 gcróíphrionsabal Rialachais Chorparáidigh atá leagtha amach sa Chód Rialachais Chorparáidigh d'Údarais Áitiúla a chur i bhfeidhm.			
Comhlíonadh reachtúil a chinntiú (RGCS, SF, SP).			

